Pairilis Cheirbreach

I realize that I can do things and I can do them very well. Some things I can't do ... but I will have to live with that. At 16, I believe, I've learned more than many people will learn in their whole lives.

Ó 'It's OK to be different', le Angie Erickson,
(student with Cerebral Palsy) *Newsweek* 24 Deireadh Fómhair 1994

Téarma is ea pairilis cheirbreach agus tagraíonn sé do ghrúpa riochtaí casta a ghoilleann ar ghluaiseacht agus staidiúir toisc go bhfuil damáiste nó teip ann i bhforbairt chuid den inchinn a rialaíonn gluaiseacht. Tarlaíonn sé seo sula mbeirtear an leanbh, le linn breithe nó le linn luath-óige sula sroicheann fás na hinchinne leibhéal aibíochta áirithe. Ní thagann athrú ar an bpairilis cheirbreach go hiondúil, ach bíonn daoine aonair in ann déileáil níos fearr lena gcuid deacrachtaí de réir mar a théann siad in aois. Go ginearálta, is iad seo na saintréithe a bhaineann le pairilis cheirbreach: gluaiseachtaí preabacha ainneonacha, droch-chothromaíocht choirp, matáin spasmacha agus máchail chainte. Aithnítear mórán cineálacha de phairilis cheirbreach anois agus déantar cur síos orthu mar seo:

(a) maidir leis an gcuid den chorp a gcuirtear isteach air
- **Heimipléige:** taobh amháin den chorp atá i gceist.
- **Diplegia:** an corp iomlán atá i gceist.
- **Ceathairphléige:** na lámha agus na cosa araon atá i gceist.

Nó

(b) maidir leis an mbealach a gcuireann sé isteach ar an gcorp:
- **Spasmacht:** deacracht ag bogadh géaga agus fadhbanna le staidiúir agus le gluaiseachtaí ginearálta.
- **Athetosis:** gluaiseachtaí ainneonacha, mar phreaba nó freangaí.
- **Neamhluail:** deacracht le comhordú grúpaí matán agus fadhbanna le comhardú, siúl, srl.

Uaireanta bíonn meascán de na riochtaí seo ar dhaltaí, chomh maith le deacrachtaí gaolmhara eile, mar sin de, tá speictream leathan i gceist leis an téarma. Is iad seo na deacrachtaí gaolmhara: deacrachtaí le hiatacht, titimeas, míchumais ghinearálta/shonracha foghlama, codladh, labhairt agus tuiscint an fhocail labhartha, agus aireachtáil amhairc.

Meastar go gcuireann pairilis cheirbreach isteach ar 1 as 400 dalta agus is fiú a rá go bhfuil éagsúlacht mhór sa tionchar a bhíonn ag pairilis cheirbreach ó dhuine go duine. Beidh na deacrachtaí seo ag daltaí áirithe: deacrachtaí cumarsáide (ina measc, deacrachtaí ó thaobh meascadh go sóisialta le daoine), deacrachtaí gluaiseachta agus rialaithe, deacrachtaí maidir le heolas a phróiseáil agus a chur in ord, agus deacrachtaí spásúla agus aireachtála.

Leideanna Foghlama agus Teagaisc

- Spreag neamhspleáchas.
- Tóg constaicí as an tslí ionas gur féidir leis an dalta gluaiseacht gan stró ó rang go rang.
- Spreag daltaí eile sa rang chun tacaíocht a thabhairt don dalta.
- Féach ar cheisteanna a bhaineann le rampaí, leithris, ardaitheoirí agus leagan amach an tseomra ranga.
- Cuir comhairle an teiripeora saothair san áireamh agus tú ag leagan amach clár ama/oibre an dalta.
- Úsáid ríomhairí agus áiseanna closamhairc i gclár foghlama agus teagaisc an dalta.
- Seans go mbeidh saintrealamh riachtanach freisin - mar shampla, méarchláir atá curtha in oiriúint, iompróirí leathanaigh, cláir focal nó deasca speisialta.
- Smaoinigh ar théipthaifeadán a úsáid má tá deacracht ag an dalta le scríbhneoireacht.
- Spreag cumarsáid i dtreo nach bhfágfar na daltaí seo ina n-aonar.

- Teagasc scileanna sóisialta más gá.
- Tabhair breis ama do dhaltaí le tascanna a chur i gcrích.
- Má tá Corpoideachas á theagasc, tabhair faoi deara gur fearr gníomhaíochtaí malla ná na cinn inar gá do na daltaí freagairt go gasta. Is fearr a bhéarfaidh na daltaí seo ar liathróid a phreab tú ná ar liathróid a chaith tú; is fearr a chiceálfaidh siad liathróid atá ina stad ná liathróid atá ag gluaiseacht.
- Seans go mbeidh féiníomhá íseal ag daltaí, agus tá sé tábhachtach dá réir sin go n-airíonn na daltaí go bhfuil siad rannpháirteach agus go dtugtar spreagadh agus moladh dóibh.
- Tá sé éasca aird na ndaltaí seo a tharraingt óna gcuid oibre, mar sin de, déan cinnte de nach mbeidh aon ábhar seachráin sa seomra ranga a chuirfidh isteach ar na daltaí.
- Má úsáideann daltaí cathaoireacha rotha, crom síos chun labhairt leo ionas go mbeidh siad in ann tú a fheiceáil.
- Deasca a bhfuil cruth bord orthu, seans go mbeidh a leithéid ag teastáil ó dhaltaí, má tá cathaoir rotha acu, chun dóthain spáis a chur ar fáil do na cosa.
- B'fhéidir go mbeidh ort an clár bán/dubh sa seomra ranga a ísliú má tá daltaí i gcathaoir rotha.
- Úsáid tacais, racaí léitheoireachta inaistrithe nó deasca incheartaithe ionas go mbeidh sé níos éasca ag an dalta léitheoireacht a dhéanamh.

Acmhainní/Tagairtí Breise

1. Algozzine, B. agus Ysseldyke, J.E. (2006) *Teaching Students with Medical, Physical and Multiple Disabilities: A Practical Guide for Every Teacher,* Thousand Oaks, CA: Corwin Press.

2. An Clinic Lárnach Íocshláinteach, Éire: soláthraítear raon sainseirbhísí anseo do leanaí agus aosaigh le míchumais fhisiceacha, láithreán gréasáin: http://www.crc.ie/

3. CHASA: Children's Hemiplegia & Stroke Association (SAM); tacaíocht do leanaí le Heimipléige, Pairilis Cheirbreach Heimipléigeach, Stróc Naíonáin nó Stróc Óige, láithreán gréasáin: http://www.chasa.org/

4. Cumas Éireann (Enable Ireland): soláthraíonn siad seirbhísí do leanaí agus dá dteaghlaigh, a chlúdaíonn gnéithe d'fhorbairt fhisiceach, oideachasúil agus shóisialta an linbh ón luath-naíonacht go hógántacht. Soláthraíonn Cumas Éireann seirbhísí d'aosaigh chomh maith, láithreán gréasáin: http://www.enableireland.ie/

5. Fox, M. (2003) *Including Children 3–11 with Physical Disabilities: Practical Guidance for Mainstream Schools,* Londain: David Fulton Publishers.

6. Grogan, M. (2007) Partners in Education: *A Handbook on Disability Awareness and Inclusive Practices for Students with Disabilities* (2ú eag.), Uíbh Fhailí: Ionad um Maireachtáil Neamhspleách Uíbh Fhailí. Ar fáil ó Michael Nestor, IMN Uíbh Fhailí. Teil: 0579322832/24144 ríomhphost oicl@eircom.net

7. Geralis, E. (1998) *Children with Cerebral Palsy, Bethesda,* MD: Woodbine House.

8. Heelan, J. R. (2000) *Rolling Along, The Story of Taylor and his Wheelchair,* Atlanta, GA: Peachtree Publishers.

9. Hinchcliffe, A. (2007) *Children with Cerebral Palsy: A Manual for Therapists, Parents and Community Workers,* Londain: SAGE.

10. Hull Learning Services (2004) *Supporting Children with Cerebral Palsy,* Londain: David Fulton Publishers.

11. Scope (UK): eagraíocht do dhaoine le pairilis cheirbreach, láithreán gréasáin: http://www.scope.org.uk/

12. Sieglinde, M. (2006) *Teaching Motor Skills to Children with Cerebral Palsy and Similar Movement Disorders: A Guide for Parents and Professionals,* Bethesda, MD: Woodbine House.